An Roinn Oideachais
Department of Education

# Nuachtlitir ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe

Fáilte chuig **Eagrán na Nollag** 2025 agus an **21ú foilseachán** de nuachtlitir na Roinne Oideachais agus Óige maidir le h**Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI)**. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leo siúd go léir a bhí páirteach ann. Tá siúl againn go mbainfidh tú taitneamh as an eagrán seo agus go bhfaighidh tú inspioráid, smaointe agus naisc agus acmhainní úsáideacha chun cabhrú leat do pháirt a ghlacadh i bhforbairt inbhuanaithe.

Is féidir leat seaneagráin na nuachtlitreach a léamh anseo agus clárú chun é a fháil go díreach i do bhosca isteach gach ráithe!

## OFI i Scoileanna – déan do scéal a roinnt

I rith na scoilbhliana 2025/26 leagaimid béim ar **Gníomhaíocht ar Leibhéal an Phobail Áitiúil ar son na forbartha inbhuanaithe,** a chur chun cinn, mar sin de, má bhíonn do scoil ag comhoibriú le grúpa sa phobal áitiúil ó thaobh ghníomhaíocht OFI de agus ba mhaith leat sin a roinnt sa Nuachtlitir OFI, déan teagmháil linn, le do thoil, trí ríomhphost a chur chuig ESD@education.gov.ie. Gheobhaidh do scoil **dearbhán €500 One-For-All** ón Roinn Oideachais agus Óige, má fhoilsímid d’alt!

## Clár na nÁbhar


**1. Uasdátuithe ar OFI go dtí 2030 ..... 4**

a. Maoiniú OFI go dtí 2030 do Scoileanna - Deontaithe ..... 4

b. Fóram Bliantúil na bPáirtithe Leasmhara OFI 2025 ..... 4

c. An Sainordú Gníomhaíochta Aeráide Earnála Scoile Bliantúil 2025 ..... 5

d. Ráitis maidir le Beartas Inbhuanaitheachta Scoileanna - Léarscáil ..... 5

e. Póstaeir agus Bileoga Faisnéise SFI do Scoileanna ..... 5

**2. Uasdátuithe Scoile ..... 6**

a. An Ardteistiméireacht - Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe ag Coláiste na nDoiminiceach, Baile Átha Cliath 9 ..... 6

b. Uasdátuithe ar OFI i Scoileanna ..... 7

OFI ag Scoil Náisiúnta na mBilí i gContae an Chabháin ..... 8

OFI ag Iar-bhunscoil Naomh Seosamh, Contae an Chláir. ..... 9

**3. NUA: Rannóg na hÓige ..... 11**

a. Uasdátuithe ISSU – an tOifigeach Inbhuanaitheachta, Niamh McGrath ..... 11

b. Uasdátú ar Aontas na Mac Léinn in Éirinn ..... 12

c. Toscaire Óige Aeráide na hÉireann ag tuairisciú ó COP ..... 12

d. Coiste na Scoileanna Glasa ag Coláiste Pheadair, Loch Garman ..... 13

e. Comhairle Náisiúnta na hÓige maidir leis an Aeráid 2025 ..... 14

**4. Comórtais ..... 17**

a. Comórtais na Nuachtlitreach OFI Mheán Fómhair – Buaiteoirí ..... 17

b. Comórtas Nuachtlitreach OFI na Nollag – SFI 15, Saol ar an Talamh ..... 18

c. Eastát Bhán an Aeir – Comórtas Turais Ranga Bunscoile ..... 18

d. Tá pacáiste SFI na SMURF le buachan do do bhunscoil ..... 19

e. Bailte Slachtmhara – Buaiteoir an Ghradaim Scoile 2025 ..... 20

f. Comórtas an Comhshaolaí Óg ..... 21

g. Comórtas START – taighde a fhoghlaim trí é a dhéanamh ..... 22

h. Ainmníodh Ambasadóir Spiorad an Ghrá Úir don Fhaisean ..... 23

**5. Cláir agus Acmhainní ..... 24**

a. Uasdátuithe ar Bhithéagsúlacht Éireann ..... 24

b. Acmhainn Léarscáilíochta Digiteach Nua don Oideachas Mara seolta ..... 25

c. Meitheal Bhithéagsúlachta Scoileanna ..... 25

d. Gradaim Ár nDomhain 2026 – Acmhainní Saor in Aisce do Sheomraí Ranga 26

e. Acmhainní Oideachais Forbartha .... 27
f. Oideachas Inbhuanaitheachta – Clár Inniúlachta na hAeráide .... 28
g. ÚFIÉ – Ceardlann scoile maidir le fuinneamh a choigilt .... 29
h. Buail leis an Eolaí – do bhunscoileanna .... 30
i. Acmhainní Leabharlanna na hÉireann .... 31
**6. Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí/ FGL .... 32**
a. Bunscoil – Oideachas Sóisialta agus Comhshaoil .... 32
b. Na CFI a Phlé sa Eacnamaíocht – Comhdháil BSTAI .... 33
c. Turas scoile amháin le Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta .... 34
d. Bithéagsúlacht Bitesize ISSN/ ESCI .... 35
**7. Scéala Breisoideachais agus Ardoideachais .... 36**
a. Scéala agus Nuashonruithe ón ÚAO .... 36
b. SOLAS - Plean Forfheidhmithe Scileanna Glasa 2030 foilsithe .... 37
**8. Nuashonruithe Idirnáisiúnta .... 39**
a. Múinteoirí COP 2025 .... 39
b. Nuashonruithe NA .... 39
c. UNESCO - Comhpháirtíocht um Ghlasú an Oideachais .... 40
d. Comhairle na hEorpa – Doiciméad Treorach .... 41
**9. Scéala Eile .... 42**
a. Trí Ghníomhartha Simplí – SFI 15 – An Saol ar an Talamh .... 42
b. Comhairle Contae Mhaigh Eo – Scéim Gheilleagair Chiorclaigh do Leabhair Scoile .... 42
c. Chester Beatty – Tionscadal "An Bhearna a Dhúnadh" .... 43
d. Gníomhaíochta Óige & Comhdháil Taighde AOD .... 44
e. Cuairteanna Baile: Tionscnamh Luathfhoghlama .... 45

# 1. Uasdátuithe ar OFI go dtí 2030



## a. Maoiniú OFI go dtí 2030 do Scoileanna - Deontaithe

Tá maoiniú OFI go dtí 2030 de €859,000 tugtha ag an Roinn Oideachais agus Óige do 390 scoil ó cheann ceann na tíre.

Tá liosta iomlán de na scoileanna agus de na tionscadail go léir ar tugadh maoiniú dóibh ar fáil ar an leathanach gréasáin OFI go dtí 2030: [Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn]

Táimid ag súil le tuilleadh a chloisteáil faoi na tionscadail sin ag deireadh na scoilbhliana.

Ba thionscadal amháin é a fuair maoiniú OFI i 2024 ná Tionscadal Bithéagsúlachta Locháin na bhFroganna as Coiste Glas Ghaelscoil an Coillín. Is comhthionscadal tógála bogaigh é sin idir grúpaí áitiúla iomadúla. Tá siad ag obair chun gnáthóg bhogaigh a chruthú ar thailte na scoile. Nuair a bheidh an tionscadal i gcrích, beifear ag súil go dtarraingeofar aird na ndaltaí agus na foirne scoileanna áitiúla ar an tábhacht a bhaineann leis an mbithéagsúlacht uisceach agus le caighdeán uisce i gcomhshaol maireachtála, agus go mbeidh sé ina cheantair fhócais do gach aon duine sa Mhuileann gCearr chun cur leis an tuiscint atá acu ar chaighdeán uisce i gcoitinne.

**[Is féidir leat tuilleadh a léamh faoin dtionscadal sin anseo.]**

## b. Fóram Bliantúil na bPáirtithe Leasmhara OFI 2025

Reáchtáladh Fóram Bliantúil na bPáirtithe Leasmhara OFI ar an 29 Deireadh Fómhair in Ollscoil Mhaigh Nuad.

Ba é téama an Fhóraim i bliana ná Gníomhaíocht ar Leibhéal an Phobail Áitiúil agus áiríodh le cainteoirí Mark Manns, Ceannaire ar OFI ag UNESCO, Fatima Ismail, Toscaire Óige na hAeráide agus Grúpa Gníomhaíochta Comhshaoil Óige Chill Droichid.

Bhuail nach mór 250 páirtí leasmhara a bhí ina n-ionadaithe ar gach leibhéal oideachais, lena n-áirítear an t-aos óg, soláthraithe cláir, lucht déanta beartais, ceannairí scoile, oideachas neamh-fhoirmiúil, comhairlí chontae, grúpaí phobail áitiúla agus daoine eile a oibríonn i réimse an OFI, le chéile chun líonrú, chun dea-chleachtas a roinnt agus chun saincheisteanna bhaineann leis an téama a phlé.

Tá sleamhnán agus tuilleadh faisnéise an imeachta ar fáil ar leathanach gréasáin an OFI go dtí 2030.





*Fóram na bPáirtithe Leasmhara OFI 2025*

## c. An Sainordú Gníomhaíochta Aeráide Earnála Scoile Bliantúil 2025

Tá an Sainordú Gníomhaíochta Aeráide Earnála Scoile Bliantúil 2025 eisithe ag an Roinn do scoileanna agus tá cóip ar fáil ar an suíomh gréasáin anseo: Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Scoile (www.gov.ie)

## d. Ráitis maidir le Beartas Inbhuanaitheachta Scoileanna - Léarscáil

Buíochas leis na scoileanna a chuir naisc chugainn le Léarscáil na Ráiteas maidir le Beartas Inbhuanaitheachta a bheimid ag uasdátú i gcaitheamh na seachtainí atá amach romhainn.

Seiceáil má tá do scoil ar an léarscáil, agus mura bhfuil sí, cuir an nasc le do Ráiteas maidir le Beartas Inbhuanaitheachta i r-phost (ESD@education.gov.ie) chugainn le cur san áireamh: Beartas Inbhuanaitheachta na Scoile

Ar ais chuig barr an leathanaigh

## e. Póstaeir agus Bileoga Faisnéise SFI do Scoileanna

D’eisigh an roinn dhá chóip de phóstaer de na **17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe** chuig gach scoil i Meán Fómhair 2022, chomh maith le bileog le faisnéis ar **Straitéis Náisiúnta na hÉireann maidir leis an Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe: OFI go dtí 2030**, agus conas teacht ar acmhainní do scoileanna.

Má tá cóipeanna breise den phóstaer nó den bhileog ag teastáil uait, cuir r-phost chuig ESD@education.gov.ie, le do thoil. Ar ais chuig barr an leathanaigh


# 2. Uasdátuithe Scoile

## a. An Ardteistiméireacht - Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe ag Coláiste na nDoiminiceach, Baile Átha Cliath 9

**Nóta an Eagarthóra:** Tá Coláiste na nDoiminiceach, Ascaill Uí Ghríofa i mBaile Átha Cliath 9, ar cheann de 42 Scoil an Líonra atá ag cur Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe i bhfeidhm mar ábhar Ardteistiméireachta nua i mbliana. Beimid ag dul in éineacht le Múinteoir Olivia Brien agus lena daltaí ar a n-aistear thar an dá bhliain eile atá amach romhainn:

“Creidim go daingean go bhfuilimid, mar mhúinteoirí, freagrach as ár ndaltaí a fheistiú leis an eolas agus leis an muinín a bheidh ag teastáil uathu chun athrú dearfach a chruthú de réir agus a leanann siad ar aghaidh i dtreo na haosachta, arsa Olivia. Tá deis shuntasach ag baint le **Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe (CASD)** a thabhairt isteach chun daltaí a chur ar a gcumas leis an tuiscint agus leis na scileanna atá ag teastáil chun cur ar dhóigh fhónta le domhain atá níos inbhuanaithe”

Tá clú agus cáil bainte amach cheana ag dhaltaí CASD na bliana seo as bheith an **chéad ghrúpa in Éirinn** a rinne staidéar ar an ábhar sin ar leibhéal na hiar-bhunscoile. Nuair a tháinig seacht ndalta déag isteach i mo sheomra ranga ag tús na bliana acadúla, ní raibh mórán eolais acu ar an ábhar ach, níos tábhachtaí, bhí siad leathanaigeanta.



Chun tús a chur lenár aistear, thosaigh mé le gníomhaíocht ar naisc chórais, arna gcur in oiriúint ó Oideachas Inbhuanaitheachta. Fuair gach dalta cárta a léirigh gné den athrú aeráide —uirbiú, bia, dífhoraoisiú, talmhaíocht, agus tuilleadh. Bhí an t-eolas a bhí acu cheana le feiceáil go soiléir de réir agus a d'aithin siad go tapa naisc idir coincheapa, ag síneadh sreangán eatarthu chun gach naisc a léiriú. Leis an líon snátha a bhí ag líonadh, nochtadh gréasán fairsing idirspleáchais a mhúnlaíonn córas ár n-aeráide, mar a léirítear san íomhá laistíos.

Leathnaíomar an foghlaim sin ansin trí na smaointe sin a nascadh leis na **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna)**, ag cabhrú le daltaí na slite a bhíonn dúshláin dhomhanda fite fuaite ina chéile a fheiceáil. Treisíodh leis an ngníomhaíocht teachtaireacht thábhachtach amháin: tá tionchar ag an athrú aeráide orainn go léir, agus dá bharr sin, is páirtithe leasmhara—agus cúramóirí—ár bpláinéad go léir muid. I ndeireadh na dála, níl aon Phláinéad B.

Mar scoil Google ar son an Oideachais, déanaimid uirlisí digiteacha a chomhtháthú inár múineadh agus inár bhfoghlaim. I Meán Fómhair, chuireamar fáilte roimh Andy Russell, forbróir táirge Google, isteach sa seomra ranga. Tugadh an deis do dhaltaí a gcuid luathfhoghlama ó thaobh CASD de a thaispeáint, ag úsáid uirlis Google Vids. D'ainneoin nach raibh ach dhá sheachtain den chúrsa déanta acu, rinne daltaí sárobair—ón nguthú agus píosaí stadghluaiseachta go dtí taispeántais chróiseála chrithaitheacha.

Is gné lárnach de rath an ábhair sin ná glór na ndaltaí a spreagadh, agus tá deiseanna díospóireachta, plé, agus léiriú cruthaitheach daingnithe ar fud fad ár gceachtanna.

Mar gheall gur réimse í an t-athrú aeráide a athraíonn go buan, bíonn daltaí páirteach freisin i ngníomhaíocht sheachtainiúil darb ainm "CASD sa Nuacht," a roghnaíonn agus a roinneann siad imeachtaí reatha ábhartha. Phléigh siad le huasdátuithe ar an COP30 sa Bhrasaíl agus leis na comhráite tábhachtacha a bhíonn ar siúl idir



* Físeán Google ar Marine Tras

**Pleananna don Todhchaí**-Leanann ár mianta i leith an ábhair sin ag fás. Tá sé i gceist againn glasraí, lusanna agus plandaí a shaothrú inár n-iltollán a ndearnadh a athchóiriú le déanaí agus inár gceapóga ardaithe, rud a ligfidh do dhaltaí taithí theagmhálach ar tháirgeadh bia inbhuanaithe a ghnóthú. Táimid ag súil freisin le cuairt a thabhairt ar an Ionad Rediscovery i mBaile Munna—an ionad náisiúnta um an Geilleagar Ciorclach agus acmhainn thar na bearta go díreach ar leac an dorais againn.

Filltear ar bharr an leathanaigh

## b. Uasdátuithe ar OFI i Scoileanna

**Nóta an Eagarthóra:** Go raibh maith ag na scoileanna go léir a chuir uasdátuithe ar a ngníomhaíochtaí go léir ar son OFI isteach chugainn. Tá sároibre ar bhun ar fud na tíre; Ar an drochuair, ní féidir linn gach aighneacht a chur sa Nuachtlitir OFI ach seo dhá shampla iontacha :

## OFI ag Scoil Náisiúnta na mBilí i gContae an Chabháin

I Mí an Mheithimh 2025, ghlac Scoil náisiúnta na mBilí i gContae an Chabháin spiorad an Oideachais Forbartha Inbhuanaithe chuici féin le foghlaim theagmhála faoi anáil an dúlra ar feadh seachtaine. Mar scoil bheag thuaithe nach bhfuil ach ceithre mhúinteoir aici, tá an bhraistint phobail agus cheangail le háit i gcroílár shaol na scoile. Ligeadh do dhaltaí leis an tseachtain speisialta sin an tuiscint atá acu ar an gcomhshaoil nádúrtha a neartú fad a úsáideann siad a samhlaíochtaí cruthaitheacha ar dhóigheanna fónta nach ndéanfar dearmad go deo orthu.



Ba é tionscadal na scoile le déanaí Ceangail Chruthaitheacha a spreag inspioráid na seachtaine, ar oibrigh na daltaí le chéile lena linn chun mion-sráidbhaile a dhearadh agus a thógáil i gcoillearnach na scoile.

Is seoid d'acmhainn í an choillearnach sin do phobal na scoile—seomra ranga beo atá lán de dheiseanna foghlama, aer úr, agus an t-ionadh a bhraitear agus an dúlra mórthimpeall ort.

Le linn na seachtaine, bhí daltaí páirteach i ngníomhaíochtaí éagsúla a ngríosaíodh comhoibriú, fadhbréiteach agus léiriú ealaíonta, sin go léir fad a forbraíodh léirthuiscint ar an ndomhain nádúrtha. Thóg leanaí sráidbhailte macasamhla agus neadacha éin ag úsáid ábhar nádúrtha a bhailigh siad ar thalamh na coillearnaí. Rinne siad turgnamh ar phéinteáil le duilleoga, le craobhóga agus le líocha nádúrtha, ag aimsiú uigeachtaí nua agus slite úra chun ealaín a chruthú. I dtionscadal eile, rinneadh dealbha samhlaíocha agus píosaí ealaíne d'earraí tí athchúrsáilte, ag tarraingt aird ar an tslí gur féidir dramhaíl a athshamhlú le cruthaitheacht agus le cúram. D'úsáid siad Lego chun an scoil fhoirfe a dhearadh ó thaobh inbhuanaitheacht chomhshaoil de.

Cothaíodh fiosracht, freagracht agus lúcháir leis an taithí. D'fhoghlaim leanaí ní amháin *faoin* dúlra, ach *ón* dúlra—ag forbairt mothú na maoirseachta i leith an chomhshaoil a leanfaidh ag fás i bhfad i ndiaidh deireadh na seachtaine. Ba léir é an díograis a bhí acu, agus bhí fuadar, comhoibriú, gáire agus aimsiú comhroinnte le cloisteáil ar thailte na scoile.

**Nóta an Eagarthóra:** Maith sibh do chách ag Scoil Náisiúnta na mBilí - coinnígí oraibh leis an obair mhaith! Tá dearbhán €500 One-For-All chun tacú le tionscadail OFI ar an mbealach chugaibh!

Ar ais chuig barr an leathanaigh

## OFI ag Iar-bhunscoil Naomh Seosamh, Contae an Chláir.

**Pobal atá Saor ón bPlaisteach a chur chun Cinn: Gníomhú Áitiúil le Tionchar Náisiúnta**

Mar chuid dár ngealltanas d'Oideachas Forbartha Inbhuanaithe (OFI), chuaigh ár scoil i gcomhpháirtíocht le grúpaí sa phobal áitiúil chun tionscadal a sheoladh atá dírithe ar **phobal atá saor ón bplaisteach** a chruthú, ag tosú laistigh den scoil agus ag leathnú amach sa bhaile i gcoitinne. Díríodh leis an tionscnamh ar phlaistigh aonúsáide a laghdú, ag spreagadh roghanna inbhuanaithe eile, agus dul i bhfeidhm ar bheartas ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon.

Chun dul i ngleic ar dhramhaíl plaisteach agus ár lorg carbóin a laghdú, bhí daltaí i gceannas ar roinnt tionscnamh tábhachtach:

- Nochtadh le hiniúchadh ar fud na scoile ardleibhéil phlaisteach aonúsáide i mbuidéil uisce agus i bpacáistíocht bhia. Soláthraíodh bunchloch soiléir le haghaidh gníomhaíocht spriocdhírithe leis na sonraí sin.
- Le póstaeir, le cur i láthair sa sheomra ranga, le ceardlanna, agus leis na meáin shóisialta, chuir daltaí oideachas ar a bpiaraí, ar an bhfoireann, agus ar an bpobail i gcoitinne faoin tionchar atá ag an dramhaíl phlaisteach ar an gcomhshaol agus faoi na tairbhí a bhaineann le roghanna inbhuanaithe.
- Athchúrsáil agus araidí muirín a bhfuil lipéadú soiléir orthu suiteáilte ar fud an champais, chun é a dhéanamh níos éasca do chách dramhaíl a dhiúscairt go freagrach.
- Á tacú ag ár gComhairle Chontae áitiúil, thug daltaí fréamhshamhlacha de bhuidéil uisce in-athúsáidte do dhaltaí céad bhliana atá ag teacht isteach, ag laghdú spleáchas ar bhuidéil uisce aonúsáide.
- D'oibrigh daltaí le **The Food Village** agus le soláthraithe áitiúla eile chun pacáistíocht atá in-bhithmhillte agus inmhúiríníthe a thriail. Agus iad feasach go bhfuil gá le hathrú ar mhórscála, rinne siad teagmháil le TD áitiúil Timmy Dooley, a chabhraigh leo an fhadhb a chur faoi bhráid Airí Helen McEntee agus Dara Calleary. Mar thoradh ar sin, dearbhaíodh treoirlínte nua i **Mí Aibreáin 2025** lena ceanglaítear ar **Chlár na mBéilí Scoile Te** tosaíocht a thabhairt do bhia a fhoinsítear go háitiúil i bpacáistíocht in-bhithmhillte—ag tacú leis an inbhuanaitheacht agus leis an talmhaíocht áitiúil araon.
- Trí oibriú le soláthraithe bia áitiúla, laghdaigh an scoil astaíochtaí iompair agus neartaigh sí ceangail leis an ngeilleagar réigiúnach.

Shroich tionchar an tionscadail i bhfad lastall de gheataí na scoile. Spreagadh gnólachtaí áitiúla le clúdach na meán sóisialta glacadh le cleachtais inbhuanaithe le cupáin in-athúsáidte tugtha isteach ag féilte samhraidh agus miondíoltóirí ag triail roghanna nach ndéanann díobháil don chomhshaol.

Mar chomhartha aitheantais ar ghaiscí na ndaltaí, bhuaigh siad **Gradam Sinsearach Éiceaphobail ag Gradaim Náisiúnta na nGníomhaithe Comhshaoil Óga i Mí na Bealtaine 2025**.

Léirítear leis an tionscadal sin an tslí **gur féidir gníomhú ar an leibhéal áitiúil athrú fónta a spreagadh**, ag léiriú gur féidir le scoileanna, le pobail, agus leis an lucht déanta beartais oibriú le chéile chun todhchaí níos inbhuanaithe a chruthú.

**Nóta an Eagarthóra:** Maith sibh uilig ag Iar-bhunscoil Naomh Seosamh! Tá dearbhán €500 One-For-All chun tacú le tionscadail OFI ar an mbealach chugaibh!

[Ar ais chuig barr an leathanaigh]

# 3. NUA: Rannóg na hÓige

## a. Uasdátuithe ISSU – an tOifigeach Inbhuanaitheachta, Niamh McGrath

Irish Second-Level Students' Union

Mol an óige agus tiocfaidh sí.

Tá níos mó agus níos mó daoine óga ann a chuireann a gcuid barúlacha in iúl, atá ag glacadh páirt i ngrúpaí agus i dtionscnaimh áitiúla agus atá ag leasú an status quo, cé acu más an aeráid, an mheabhairshláinte, cearta na mac léinn nó an oiread sin saincheisteanna eile atá ar chomhthábhacht atá á bplé. Ionas go leanfar den dul chun cinn dearfach sin, ní mór tacaíochtaí a chur i bhfeidhm. Tá áit nach siombalach í tuillte ag daoine óga ag an mbord.

Is í aidhm Aontas na Mac Léinn Dara Leibhéal in Éirinn (ISSU) ná glór na mac léinn a ionadú, ardú agus a chosaint. Mar Sustainability Officer/ Oifigeach Inbhuanaitheachta, spreagaim mic léinn chun gníomhú ina gceantair áitiúla agus ina bpobail scoile. Is féidir go mbaineann gníomhaíochtaí éagsúla le bheith mar chuid de na réitigh ar roinnt de na saincheisteanna náisiúnta agus domhanda is mó. D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí sin a bheith oideachas a chur ort féin agus orthu siúd mórthimpeall ort, d'ardáin a úsáid, na cinn digiteacha chomh maith leis na cinn sa saol réadúil agus teagmháil a dhéanamh le d'ionadaithe áitiúla agus náisiúnta.

Iarraim freisin ar mhúinteoirí, ar thuismitheoirí, ar cheannairí pobail, ar bhaill de rialtais áitiúla agus náisiúnta, ar FPEnna, agus ar gach duine eile a bhfuil ról gníomhach acu i saol na mac léinn, chun a chinntiú go bhfuil glóir na mac léinn á n-ardú, go bhfuil meas á léiriú ar dhaoine óga i ndáil leis na cinntí agus na beartais a bhfuil tionchar acu orthu. Agus is é seo an t-aon bhealach amháin chun inbhuanaitheacht a chinntiú ó thaobh rannpháirtíocht na hóige de.

Ní hamháin go mbaineann an inbhuanaitheacht leis an aeráide, baineann sí freisin leis an bhfad a mhaireann rannpháirtíocht na hóige agus le cinntiú go gcloistear glór na n-óg. Bí an t-athrú gur mian leat a fheiceáil.

Ar ais chuig barr an leathanaigh

## b. Uasdátú ar Aontas na Mac Léinn in Éirinn

Dia daoibh, Molly is ainm dom, agus is mise Oifigeach Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta Chomhaltas na Mac Léinn in Ollscoil na Gaillimhe.

Ba bhuaicphointe dom ó thosaigh mé sa ról páirt a ghlacadh sa Léirsiú Náisiúnta ar son na hAeráide ar an 15 Samhain. Ba é Stop Climate Chaos a d'eagraigh an léirsiú Náisiúnta ar son na hAeráide, le cúnamh ó roinnt mhaith eagraíochtaí eile. Bá í an chúis gur eagraíodh é seo ná chun a chur in iúl dár rialtas go bhfuil todhchaí níos glaine, níos sábháilte, agus níos córa ag teastáil uainn, le béim ar aistriú ó bhreoslaí iontaise a úsáid.

Bhí an mórshiúl sin thar a bheith cumhachtach, le slua mór ag iarraidh go gcloistear lena nglóir. Go pearsanta, ní raibh an oiread sin daoine a bhí bailithe le chéile in aon áit amháin chun seasamh i gcoinne na géarchéime aeráide feicthe agam ó thráth roimh ré phaindéim COVID-19.

[Ar ais chuig barr an leathanaigh]

## c. Toscaire Óige Aeráide na hÉireann ag tuairisciú ó COP

Fatima Elzahra Ismail is ainm dom, agus is údar mór bróid dom a bheith ar dhuine de Thoscairí Óige Aeráide na hÉireann ag COP30 in Belém, Brasaíl. Is é an ról atá agam ná chun glóir, údair imní agus smaointe an aosa óig ó Éireann a ionsá go díreach i gcroílár an idirphlé dhomhanda maidir leis an aeráid, ag cinntiú nach labhrófar thar cheann ár nglúine, ach go n-éistfear léi.

Go dtí seo ag COP30, bhí roinnt céimeanna tábhachtacha chun cinn. Tá an Chiste Caillteanais agus Damáiste, arna comhaontú ar dtús i bprionsabal ag COPanna níos luaithe, ag druidim anois le céim gur féidir le tíortha tosú le cur isteach ar thacaíocht. Is bomaite ollmhór í seo do phobil a bhfuil éifeachtaí is measa an athraithe aeráide á gcur isteach orthu cheana. Bhí béim láidir freisin ar airgeadais aeráide i gcoitinne, le brú á chur ag tíortha le haghaidh córais atá níos soiléir agus níos córa ionas go mbeidh rochtain ag náisiúin leochaileacha ar an maoiniú a bheidh ag teastáil uathu. Tá cosaint foraoisí, pleanáil oiriúnaithe agus aistriú cóir fós mar théamaí lárnacha na n-idirbheartaíochtaí, go háirithe i bhfianaise tábhacht na hAmasóine agus an róil Bhrasaíl mar thír óstach.
Lean Éire de thacú le hairgeadas aeráide, lena n-áirítear do chaillteanas agus do dhamáiste, agus leag sí béim ar thábhacht na córa sóisialta laistigh de bheartas aeráide. Mar thoscairí, táimid ag oibriú le feidhmeannaigh agus leis an tsochaí shibhialta chun tosaíochtaí an aosa óig a chur in iúl ag gach céim an phróisis.

Tá tábhacht ag baint le glór na hóige, toisc gurb é an t-athrú aeráide a mhúnlóidh ár dtodhchaí ar fad. Tugaimid práinn, soiléireacht agus fís fhadtéarmach linn. Ní gníomhaíocht uaillmhianach amháin atá á héileamh againn, ach réitigh atá cóir, a bhfuil an pobal i gceannas orthu agus a bhfuil fíorthaithí mar bhonn fúthu.




**Fatima ag COP30 sa Bhrasaíl.*

## d. Coiste na Scoileanna Glasa ag Coláiste Pheadair, Loch Garman

"Ag Coláiste Pheadair, tá an inbhuanaitheacht níos mó ná sprioc—is luach lárnach í a ghlac Coiste na Scoileanna Glasa is againn chucu féin.

Bá í tabhairt isteach na n-Araidí Fillte chun buidéil fholmha a athchúrsáil a bhí ar cheann dár n-iarrachtaí is rathúla. Ní hamháin gur laghdaíodh an dramhaíl phlaisteach ar thailte na scoile leis an athrú simplí sin, ach bailíodh breis agus €250 le haghaidh tionscadail chomhshaoil amach anseo leis freisin. Cuireadh fáilte roimh ár gcoiste chun labhairt ag Grúpa Chúram don Domhan Pharóiste Loch Garman, ar thaispeánamar an obair a bhí á déanamh againn chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus chun an bhithéagsúlacht a chur chun cinn timpeall ár scoile.

Tháinig ceann dár dtionscadail inbhuanaithe chun cinn nuair a thugamar faoi deara cé chomh gasta is a bhí ár n-araidí á líonadh le tráidirí scragaill ag am lóin. In ionad a ligean go ndiomlaítear na tráidirí sin, rinneamar réitigh a thobsmaointeoireacht. Rinneadh beathadáin éin de na tráidirí sin ag úsáid ábhair athchúrsáilte eile ó thimpeall na scoile. D'úsáideamar cinn adhmaid ghearrtha ón seomra tógála mar thromáin ionas nach bhféadfaí iad a bhogadh, agus na fuílligh shreangáin ón seomra ealaíne chun cabhrú le hiad a dhaingniú ar fud na tailte scoile.

Ag breathnú ar aghaidh, tá ár gCoiste na Scoileanna Glasa ag obair anois chun ár mBratach Thaistil a bhaint amach. Chun é sin a dhéanamh, ghlacamar páirt i Suirbhé GLOBE maidir le Cáilíocht an Aeir arna mhaoiniú ag NASA. Is é an sprioc atá againn i mbliana ná cáilíocht an aeir thart ar an scoil a fheabhsú trí dhaltaí agus thuismitheoirí a ghríosú chun innill a fhágáil ar réchasadh níos annaimhe agus trí aird a tharraingt ar na rioscaí sláinte a bhaineann le hastaíochtaí díobhálach.

Táimid ag súil go mbeidh ár cuid oibre ina húdar inspioráide do scoileanna eile chun slite cruthaitheacha a phlé chun ár gcomhshaol a chosaint agus nósanna níos glaise a chur chun cinn ina bpobail".

**Nóta an Eagarthóra:** Maith sibh do Choiste na Scoileanna Glasa ag Coláiste Pheadair. Tá dearbhán €500 One-For-All chun tacú le tionscadail OFI ar an mbealach chugaibh!

[Ar ais chuig barr an leathanaigh]

## e. Comhairle Náisiúnta na hÓige maidir leis an Aeráid 2025

“A léitheoir, a chara,

Leag d’fhón síos agus bí ag éisteacht, tá sé sin ag tarlú, agus ag tarlú anois díreach. Gemma agus Chantelle is ainmneacha dúinn agus is baill de Chomhairle Náisiúnta Óige na hÉireann muid. Ba bhaill de Ghrúpa Comhairleach na nÓg muid a chabhraigh leis an gComhairle seo a eagrú in éineacht le hochtar daoine óga eile.

Ba í an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais a bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta Óige na hÉireann i 2022 chun modh córasach a sholáthar chun glór an aosa óig in Éirinn a ghabháil le húsáid mar bhonn eolais faoi bheartas an Rialtais. Trí éisteacht le daoine óga, cuireann Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann léargas ar fáil ar roinnt de na hábhair imní a dtugann daoine óga aghaidh orthu, agus cuidíonn sí leis an Rialtas gníomhú de réir na réiteach féideartha a mholann daoine óga. Féadfar na teachtaireachtaí agus na moltaí a rinne Comhairle Náisiúnta na hÓige a úsáid freisin mar bhonn eolais faoi chomhairliúcháin eile na saoránach i gcoitinne. Reáchtáiltear roinnt Tionól ar thopaicí éagsúla gach bliain agus is Tionól bliantúil é Comhairle Náisiúnta na hÓige maidir leis an Aeráid.

Bhí an 4ú Comhairle Náisiúnta na hÓige maidir leis an Aeráid ar siúl ar an 5 Aibreán 2025. D’fhreastail 59 toscaire óg idir 12 bhliain agus 24 bliana d’aois ar fud na hÉireann, mar ionadaithe ar Eagraíochtaí Pobail agus Óige, Comhairle na nÓg agus eagraíochtaí leasmhara eile. D’fhreastail gach toscaire ar sheisiún ullmhúcháin roimh an Tionól ar phléigh siad le téamaí agus le hábhair le hionadaithe ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun bheith go hiomlán ar an eolas roimh an Tionól. Chuamar ar aghaidh ansin chun páirt a ghlacadh i lá plé ar an 5 Aibreán i mBaile Átha Cliath. Chinneamar go raibh sé tábhachtach breathnú ar ghníomhaíochtaí aeráide aonair, ar ghníomhaíochtaí aeráide pobail agus ar ghníomhaíochtaí abhcóideachta agus stocaireachta.

Ba hábhar tábhachtach dúinn é gníomhaíochtaí aeráide aonair de bharr go dtuigimid na tairbhí pearsanta a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide. Ba mar a leanas moltaí an Tionóil

- Fógraíocht na dtairbhí pearsanta agus na gcomhthairbhí a bhaineann le Gníomhú ar son na hAeráide a ghríosú. Mar shampla, billí níos saoire mar thoradh ar ghrianphainéil a shuiteáil, airgead as crainn a chur etc.
- Líon áirithe uaireanta in aghaidh na bliana scoile a shainordú d’Oideachas Aeráide i mbunscoileanna.

- Curaclam maidir le Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt atá comhtháite i ngach institiúid oideachais ó aois óg, le hoiliúint do mhúinteoirí chun cabhrú lena chur chun feidhme.
- Geilleagar inbhuanaithe a chur chun cinn trí dhíriú ar ghníomhartha tábhachtacha geilleagair chiorclaigh: Laghdaigh, Athúsáid, Athchúrsáil, Deisigh le béim ar ghnólachtaí beaga faoi úinéireacht áitiúil i ngeilleagar ciorclach.

Bhraitheamar freisin go raibh sé tábhachtach imscrúdú a dhéanamh ar na slite a mbíonn pobail páirteach i ngníomhú ar son na haeráide agus ar an gcaoi a bhfuil siad fite fuaite ina chéile chun é sin a bhaint amach. Ba mar a leanas ár moltaí sa réimse sin:

- Ba cheart don Rialtas rannpháirtíocht in ábhar an Gníomhaithe ar son na hAeráide a cheangal ar scoileanna trí obair óige agus comhairliúcháin seachtracha.
- Ba cheart don Rialtas réimse bhealaí agus uaireanta iompair phoiblí níos leithne a thabhairt isteach faoin tuatha in Éirinn.
- Ba cheart maoiniú ó chomhairlí chontae áitiúla a úsáid mar dheontais forbartha pobail, chun smaointe a fháil ó mhuintir na háite maidir le tionscadail phobail a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide a reáchtáil.
- Ba cheart go mbeadh duaiseanna agus dreasachtaí pobail i dtionscnaimh ar son na haeráide.

Os rud é gurbh é an t-aos óg a bhí ar thús cadhnaíochta ó thaobh stocaireacht a dhéanamh ar ghníomhú ar son na haeráid de, chinneamar ar deireadh go bpléfimis mar Thionól leis na dúshláin sa réimse sin. Ba mar a leanas ár moltaí:

- Ba cheart don Roinn Oideachais oideachas bunscoile maidir leis an gcomhshaol agus leis an inbhuanaitheacht a thabhairt isteach. Ba cheart go mbeadh sé mealltach do dhaltaí, in ann an t-ábhar tromchúiseach a mhíniú i gceart, agus in ann réitigh a sholáthar do dhaltaí.
- Ba cheart don Rialtas léiriú ealaíonta na hÓige agus an cruthú ábhair a phléann leis an ngéarchéim aeráide a spreagadh, b’fhéidir le dreasachtaí airgeadais d’ealaíontóirí, do thionchairí agus do cheoltóirí óga. Ba cheart don Roinn Oideachais é sin a spreagadh i scoileanna, os rud é go n-éistfidh daoine óga níos mó le hábhar a chruthaíonn daoine óga eile.
- Réimeanna cánach a cruthú atá bunaithe ar an méid CO2 a astaíonn gnólachtaí tionsclaíoch isteach san atmaisféar. e.g. Ghearrfaí níos mó cánach ar chorparáid a astaíonn 20 tonna in aghaidh na bliana ná mar a ghearrfaí ar chomhlacht a astaíonn 10 dtonna in aghaidh na bliana.
- Tionóil réigiúnacha a reáchtáil do Choistí na Scoileanna Glasa, do chumainn ghlasa agus do thionscadail ghníomhaithe ar son na haeráide. Comhoibriú leis An Taisce, le bratach ghlas, le comhairlí chontae, leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus leis an RTCEGSM.

Sholáthair Darragh O'Brien TD, An tAire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil toscairí an Tionóil le freagraí le sonraí na dtionscnamh Rialtais a théann i ngleic leis na moltaí. Bhuail a fheidhmeannaigh freisin le toscairí trí Sheimineár Gréasáin ar an 10 Samhain chun na moltaí a phlé.

Go raibh maith agat as an am a thógáil chun an t-alt seo a léamh, tá súil againn gur léigh tú na moltaí agus go dtacaíonn tú linn ó thaobh iad a chur ar aghaidh le meas ag na Ranna Rialtais ábhartha. Bhaineamar go léir an-taitneamh as an Tionól, agus as an deis labhairt le daoine atá ar chomhintinn linn chomh maith le héisteacht le daoine atá de bharúlacha iomlán difriúla. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbíonn an deis ag daoine óga ár gcuid tuairimí a chur in iúl agus is mór againn an deis chun a leithéid de rud a dhéanamh, ach is í an t-aon slí amháin a oibríonn sé ná má léirítear meas air freisin.

Go raibh míle maith agat,

Chantelle agus Gemma

(Baill de GCÓ do Chomhairle Náisiúnta na hÓige maidir leis an Aeráid 2025)"

[Ar ais chuig barr an leathanaigh]

# 4. Comórtais

## a. Comórtais na Nuachtlitreach OFI Mheán Fómhair – Buaiteoirí

Ba é buaiteoir na "**Cuairte Ranga Chloch Shiurdáin" ná Meánscoil Ag Foghlaim le Chéile Chill Mhantáin Thuaidh i mBré.**

**Nóta an Eagarthóra:** Comhghairdeas, táimid ag súil le cloisteáil faoi do chuairt. Go raibh maith ag ÉICEA-shráidbhaile Chloch Shiurdáin as an duais seo a urrú.

Is é buaiteoir an **chomórtais CFI** in eagrán Mheán Fómhair na Nuachtlitreach OFI ná Scoil Úi Ghramhnaigh ó Ráth Chairn, Contae na Mí.

Ceist: Cad é céatadán d'ocsaigin an domhain a chabhraíonn na haigéin a tháirgeadh dar le Clár Comhshaoil na NA (Cuspóir 14: An Saol faoin Uisce | UNEP - Clár Comhshaoil na NA) a) 10% b) 30% c) 50% d) 90%

**Freagra: c) 50%**

Comhghairdeas. Tá dearbhán de €500 don OFI i bhur scoil ar an mbealach chugaibh.

Seoladh cóip saor in aisce de leabhar Paul O'Donnell's "**Wild Teaching"** chuig:

- Helen White, SN Rath Bhoth Láir i nDún na nGall
- Veronica Ward i SN Ag Foghlaim le Chéile Baile Átha Cliath 7,
- Catriona Cunningham, Pobalscoil Thobar an Domhnaigh i mBaile Átha Cliath 13
- Katrina Flynn, SN Bhaile Eilís i Loch Garman agus
- Annmarie Downes, SN Mhuire san Iarmhí.

Tá súil againn go mbainfidh sibh sult as an leabhar. Go raibh ag Paul arís as iad a sholáthar.

Ar ais chuig barr an leathanaigh

## b. Comórtas Nuachtlitreach OFI na Nollag – SFI 15, Saol ar an Talamh

Is í an aidhm atá le Saol ar Thalamh (SFI 15) ná úsáid na timpeallachta talún agus bainistiú foraoise a choimeád, a fheabhsú agus a athshlánú ar dhóigh inbhuanaithe, dul i ngleic le gaineamhlú agus stop a chur le díghrádú talún, chomh maith le caillteanas na bithéagsúlachta, agus iad a thiontú thart.




Dar le [Mol na POS maidir leis na SFInna ](), cad é céatadán de limistéar talún na hÉireann atá cumhdaithe le Foraois?

a) 4.8% b) 11.6% c) 31.2% d) 63.7%

Cuir d'fhreagra, d'ainm agus do scoil i r-phost chuig esd@education.gov.ie roimh **Dé hAoine an 19 Nollaig** chun do sheans a dhaingniú dearbhán €500 One For All a bhuachan do thionscadail OFI i do scoil.

Ar ais chuig barr an leathanaigh

## c. Eastát Bhán an Aeir – Comórtas Turais Ranga Bunscoile

airfield estate

**Gníomhaíochtaí an Gheimhridh ag Eastát Bhán an Aeir**

An gheimhreadh seo, cuireann Eastát Bhán an Aeir fáilte roimh scoileanna dul faoi gheasa na ceardlainne Ghníomhaíochtaí an Gheimhridh — aistear spreagúil, teagmhálach a chuireann beocht i mbia, san fheirmeoireacht agus san inbhuanaitheacht do dhaltaí de gach aois.

I gcaitheamh do chuairte, foghlaimeoidh daltaí faoin áit as a dtagann a gcuid bia i ndáiríre de réir agus a dhéanann siad ár bhfeirm fheidhmiúil agus ár ngarraithe a thaiscéal. Buailfidh siad leis na hainmhithe, foghlaimeoidh siad faoi chúram na hithreach, agus feicfidh siad an tslí a théann na séasúracha athraitheacha i bhfeidhm ar an mbia a fhásaimid agus a ithimid.

Ansin úsáidfidh daltaí roinnt glasraí an gheimhridh úrbhainte chun anraith bhlasta a dhéanamh i gCistin na hInspioráide is againn. Ar an mbealach, foghlaimeoidh siad scileanna cócarála praiticiúla, aimseoidh siad an tábhacht a bhaineann leis an ithe séasúrach, agus feicfidh siad inbhuanaitheacht i bhfeidhm — ón ithir go dtí an pláta.

Úsáidfidh daltaí atá níos óige bainne geirseoige ónár gclós feirme chun cupán seacláide the bhlasta a dhéanamh ag an bhfeirm.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise agus chun foghlaim conas áit a chur in áirithe, téigh, le do thoil, chuig **education@airfield.ie.**

**Tá Ceardlann Ghníomhaíochtaí an Gheimhridh ag Eastát Bhán an Aeir SAOR IN AISCE do rang Bunscoile amháin.**

**Ceist:** Go hiondúil, cad é pór na bó atá ina chúis cháile Bhán an Aeir?

Cuir d'fhreagra, do ghrúpa ranga agus sonraí do scoile chuig ESD@education.gov.ie faoi **Dé hAoine an 19 Nollaig** chun do sheans buachana a dhaingniú. Bí cinnte an teideal "Comórtas Eastát Bhán an Aeir" a chur san áireamh i do ríomhphost.

Ar ais chuig barr an leathanaigh

## d. Tá pacáiste SFI na SMURF le buachan do do bhunscoil




Tá cúig phacáiste SFI na SMURF **SAOR IN AISCE** againn le bronnadh le caoinchead ár gcomhghleacaithe sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Níl le déanamh ach r-phost a chur chugainn chuig esd@education.gov.ie le sonraí do scoile faoi **Dé hAoine an 19 Nollaig** chun do sheans buachana a dhaingniú. Bí cinnte an teideal "pacáiste SFI na SMURF" a chur mar ábhar do r-phoist.

Ar ais chuig barr an leathanaigh

## e. Bailte Slachtmhara – Buaiteoir an Ghradaim Scoile 2025

Comhghairdeas ó chroí le Scoil Mhuire, Mainistir Laoise, a bhuaigh an gradam scoile ag comórtas na mBailte Slachtmhara Super Valu i mbliana.




Dúirt Scoil Mhuire linn: "Ba é an grúpa Bhailte Slachtmhara Mhainistir Laoise a spreagamar chun iarratas a chur isteach. Tugadh cuireadh dúinn freastal ar bhabhta ceannais réigiúnach ag searmanas bronnta na nduaiseanna in dteannta trí scoil eile agus bhí ríméad orainn nuair a bronnadh buaiteoirí náisiúnta orainn ar an lá.
Bhí an t-ádh aorainn gur bronnadh duais phobail orainn ón gComhar Creidmheasa d'iltollán stoirmdhíonach le cur lenár ngarraí. Bhronn an chomhairle chontae áitiúil maoiniú orainn freisin chun trealamh agus múirín a cheannach.



Déanaimid ár bpotaí inmhúirínithe féin gach bhliain d'ionsáiteáin rolla leithris. Cuireann gach rang síolta agus breathnaíonn siad orthu de réir agus a phéacann siad taobh istigh. Aistrítear iad ansin go dtí an iltollán le huisciú grúpa agus le hathchur isteach sa gharraí.
D'fhorbraíomar ár ngarraí céadfach i mbliana ag cur pailneoirí agus limistéir atá oiriúnach do na feithidí leis chun tuiscint na leanaí a fhorbairt ar an ngá atá le plean plandaithe éagsúil chun tacú leis an mbithéagsúlacht.

Tá córas fómhair uisce báistí á thógáil againn ag úsáid coimeádán loingseoireachta agus umair OCI athchuspóra. Is í an aidhm atá againn, nuair a bheidh sé i gcrích, ná uisce báistí a bhailiú ón dian chun cabhrú linn le húsáid uisce a laghdú agus le daltaí a mhúineadh faoin

Is cuid de Chlár na Scoileanna Glasa muid agus fuaireamar ár mbratach uisce i mbliana. Bhí an-bhród ar na leanaí mar gheall gur aithníodh iad ag Gradaim Uisce na Scoileanna Glasa mar Scoil Uisce na Bliana 2025.
D'eagraíomar Siopa Feistis na Samhna bliantúil chun an athúsáid agus laghdú dramhaíola a chur chun cinn ar bhronn na leanaí a seanfheistis Shamhna agus a bhfuil an deis acu feistis eile a cheannach. Leagtar béim leis ar thábhacht an gheilleagair chiorclaigh agus cuirtear oideachas ar na leanaí faoin mearfhaisin agus faoin méid uisce a úsáidtear chun éadaí a tháirgeadh.
Ó bhia a fhás agus crainn a chur go dtí páirt a ghlacadh i dtionscadail bhruscair agus dramhaíola, fhuinnimh, caomhnaithe uisce agus inbhuanaitheachta, tá réimse leathan de chláir phraiticiúla forbartha againn lena ndéantar leas dár ndaltaí agus don chomhshaol araon.
Is mór againn ár bhfoireann agus ár dtuismitheoirí a chabhraíonn linn sa réimse sin agus a oibríonn ar bhonn deonach chun uisciú ag an deireadh seachtaine agus le linn an laethanta saoire agus ár bhfeighlí Pat thar aon duine eile atá géarchúiseach i gcónaí i leith ár gcéad tionscadail nó 'spadhair' eile. Is fíor go bhfuil pobal ag teastáil chun an spás atá againn a chruthú".

**Nóta an Eagarthóra:** *Comhghairdeas le Scoil Mhuire as bua iontach sna Bailte Slachtmhara!*

[Ar ais chuig barr an leathanaigh]

## f. Comórtas an Comhshaolaí Óg

**Tá am go fóill chun Páirt a Ghlacadh i nGradaim Comhshaolaí Óg 2026!**
Tá ríméad ar ÉICEA-UNESCO a fhógairt go bhfuil síneadh ama curtha againn leis an spriocdháta chun clárú le Gradaim Comhshaolaí Óg (YEA) i mbliana go dtí **Dé hAoine an 19 Nollaig 2025**.
Mura raibh an deis agat go fóill chun clárú, tá am fós chun bheith páirteach. Cibé acu más mian le do dhaoine óga tús a chur le tionscadal gníomhaíochta comhshaoil, nó aitheantas a bhaint amach as rud atá á dhéanamh agat cheana, ba bhreá linn go mbeidh tú páirteach!
Á reáchtáil le 27 bliain anuas, is clár uile-oileáin, saor in aisce is ea Gradaim Comhshaolaí Óg de chuid ÉICEA-UNESCO lena gcuirtear daoine óga atá idir 10 agus 18 mbliana d’aois ar a gcumas dul i gceannas ar shaincheisteanna an chomhshaoil atá tábhachtach dóibh, ón ngníomhú ar son na haeráide agus caillteanas na bithéagsúlachta go dtí dramhaíl a laghdú agus folláine.
Soláthraítear leis an gclár an deis do dhaoine óga tionscadail ghníomhaíochtaí chomhshaoil a chruthú i gcatagóir lena n-áirítear an Bhithéagsúlacht, Dramhaíl, Uisce agus ÉICEA-Shláinte agus Folláine, ag foghlaim scileanna taighde, smaointeoireachta criticiúla agus ceannaireachta. Faigheann múinteoirí, ceannairí óige agus oidí tacaíocht, acmhainní agus meantóireacht shaor in aisce ón bhfoireann YEA. Sa bhabhta ceannais cuirfear a gcuid saothair i láthair ag imeachtaí taispeántais náisiúnta, ag soláthar ardán tábhachtach do dhaoine óga a bhíonn gníomhach ar son na haeráide.
*“Beidh cuimhne acu ar an taithí sin ar feadh i bhfad. Rachaidh na scileanna agus an mhuinín a gheobhaidh siad chun tairbhe dóibh i bhfad i ndiaidh a laethanta scoile.”* – Meantóir Rannpháirteach
*“Go raibh maith agat as ardán a chruthú a n-ardaítear glór na n-óg air agus a chuireann i gcuimhne dúinn cé chomh cumhachtach agus is féidir le gníomhaíocht na n-óg a bheith.”* – Meantóir Rannpháirteach

**Foghlaim tuilleadh nó clárú ag [yea.ie]** nó déan teagmháil ag **[yea@ecounesco.ie]** le haghaidh faisnéis agus tacaíocht bhreise.

[Ar ais chuig barr an leathanaigh]

## g. Comórtas START – taighde a fhoghlaim trí é a dhéanamh

START
Schools Teaching Awareness of Randomised Trials

Tá an *Comórtas START*, arna fhorbairt ag foireann an Boird Thaighde ar Shláinte-Gréasán Taighde ar Mhodheolaíocht na dTrialacha (BTS-GTMT) ag Ollscoil na Gaillimhe, ina chabhair do leanaí bunscoile leis an tslí a ngintear fianaise a thuiscint trí iad a mhealladh chun a dtriail shimplí randamaithe féin a dhearadh, a reáchtáil agus a thuairisciú sa seomra ranga.

Ar oscailt do gach rang bunscoile ó rang a 4 go dtí rang a 6, spreagann an comórtas leanaí chun ceisteanna atá tábhachtach dóibh a fhreagairt, amhail “An bhfuil éisteacht le ceol in cabhair dúinn ó thaobh ár n-aird a dhíriú?” nó “An gcuirtear le torthaí a ithe lenár leibhéil fhuinnimh?” Leanann gach triail treoir shoiléir chéim-ar-chéim, ó cheist a mhúnlú go dtí tuairisciú ar thorthaí.

Tá START nasctha freisin ar dhóigh nádúrtha le snáitheanna ar fud an churaclaim bhunscoile. Fad a atá a dtriail á reáchtáil acu, neartaíonn leanaí a scileanna matamaitice le bailiú sonraí, a scileanna eolaíochta le breathnú agus trí réasúnú, a scileanna teanga agus ealaíne trí thuairisciú a dhéanamh ar a dtorthaí, agus a scileanna Corpoideachais agus OSPS nuair a bhaineann a dtriail le sláinte nó le haclaíocht.

Gach bliain i Mí na Bealtaine, tugtar cuireadh do na hiontrálacha is fearr chun freastal ar Ollscoil na Gaillimhe ar feadh ceiliúrtha a bheidh lán d’eolaíocht agus de spraoi.

Léirítear leis an gComórtas START gur féidir le foghlaim na heolaíochta a bheith mealltach, spraíúil, agus ábhartha. Cabhraíonn sé le leanaí fiosracht, comhoibriú, agus scileanna fadhbréitigh a fhorbairt.

Faigh tuilleadh amach nó cláraigh ag [www.startcompetition.com](http://www.startcompetition.com).

[Ar ais chuig barr an leathanaigh]

## h. Ainmníodh Ambasadóir Spiorad an Ghrá Úir don Fhaisean

Tá Elizabeth Cooper ó Choláiste Clavin i gComhairle Chontae na Mí Meath tar éis di a bheith ainmnithe mar an chéad Ambasadóir Spiorad an Ghrá Úir don Fhaisean, ról úrnua a dhéanann an chruthaitheacht, an nuálaíocht agus an chéad ghlúin eile de cheannairí faisin chiorclaigh a cheiliúradh.

Is é Grá Úr don Fhaisean céad chomórtas faisin inbhuanaithe na hÉireann dóibh siúd atá idir 12 bhliain agus 19 mbliana d'aois, a chuireann an dúshlán roimh dhearthóirí óga feistis inbhuanaithe, ath-inchaite a dhéanamh de theicstílí ar bhítí grá dóibh cheana.



Tá Elizabeth ag déanamh sainmhíniú as an nua ar an stíl inbhuanaithe óna luathbhlianta, ag brú a cuid cruthaitheachta chun cinn agus ag múineadh scileanna nua di féin gach deis agus is féidir a bhí aici.

Agus trí iontráil Ghrá Úr don Fhaisean i dtiachóg is aici cheana, d'éirigh le hElizabeth an chéad leibhéal eile a bhaint

Ó sean léinte a uaschúrsáil ina ngúna scátálaí, cuspóir nua a thabhairt do charbhait a seanathar mar bharréide tháilliúrtha álainn, go dtí comhsciorta iniompaithe a phaistoibriú, léirítear le gach iontráil teicnící agus scileanna nua taobh le tiomantas níos tréine don dramhaíl nialasach agus don fhaisean ciorclach.

Ba i mbliana ar seoladh Clár Ambasadóra Spiorad an Ghrá Úir don Fhaisean, a cruthaíodh chun dearthóirí óga a ghlacann go hiomlán éiteas Chomórtas an Ghrá Úir don Fhaisean chucu féin agus a léiríonn an éiteas sin, agus a úsáideann é mar deis chun barr fheabhais a chur ar a gcuid scileanna san fhaisean inbhuanaithe a cheiliúradh.

Mar chuid den chlár, chaith Elizabeth trí lá ag an Ionad Rediscovery, Ionad Náisiúnta na hÉireann um an Geilleagar Ciorclach, ag foghlaim ó shainmheantóirí san fhaisean inbhuanaithe. Áiríodh leis an oiliúint an dathú nádúrtha le Malú Colorín de Chré Talu, táilliúireacht le Fionn Ó Dubhghaill, agus dearadh inbhuanaithe le hAisling Duffy.

Bhí ríméad ar Ghrá Úr don Fhaisean agus ar an Ionad Rediscovery an deis sin a sholáthar d'Elizabeth, agus a cuid saothair a cheiliúradh de réir agus atá sí ag ullmhú don Ardteistiméireacht, agus le cúnamh Dé, beidh scoil fhaisin i ndán di ina dhiaidh sin! Tá caighdeán nua á leagadh síos aici do chruthaitheacht na n-óg i saol faisin chiorclaigh na hÉireann.

Léigh tuilleadh faoi aistear faisin chiorclaigh Elizabeth, nó déan thú féin a chlárú, ag **relovefashion.ie**.

Ar ais chuig barr an leathanaigh

# 5. Cláir agus Acmhainní

## a. Uasdátuithe ar Bhithéagsúlacht Éireann

Tá **Gradaim Laochra an Dúlra** ar oscailt anois le haghaidh clárúcháin. Is clár oideachais SAOR IN AISCE é seo atá ar oscailt do gach bunscoile, iar-bhunscoil agus réamhscoil chun cabhrú leo a scoileanna a dhéanamh níos oiriúnaí don dúlra. Is é an clár foghlama taobh amuigh is mó é in earnáil an oideachais agus marc barr fheabhais do scoileanna a cabhraíonn leis an dúlra. Bronntar duaischiste de €10,000 agus plaiceanna adhmaid freisin ar gach scoil rathúil. Cad a éireoidh le do scoil a bhaint amach: Broc Cré-Umha, Carria Airgid nó Iolar Órga!?

Chun clárú: https://www.biodiversityinschools.com/nature-hero-awards




